



An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

Treoir maidir le teidlíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas



Conas an leabhrán seo a úsáid

Tugtar cuntas sa leabhrán seo ar theidlíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, chun gur féidir leat teacht go tapa ar eolas faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil. Achoimre atá ann, seachas treoir iomlán.

Is féidir leat eolas breise a fháil ar gach ceann de na hábhair a phléitear sa leabhrán seo agus ar an eolas is cothroime le dáta ar thacaíochtaí COVID-19 ó:

- D'Ionad um **Fhaisnéis do Shaoránaigh áitiúil**
- An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0818 07 4000
- Ar líne ag **citizensinformation.ie**



Úsáidimid cóid mhearfheagartha leis an leabhrán clóite seo a nascadh le heolas níos mionsonraithe ar líne. Is féidir leat na cóid mhearfheagartha sa treoir a scanadh le do ghuthán go dtabharfar thú go dtí an leathanach ábhartha ar citizensinformation.ie.

Is féidir leat teacht ar an leagan ar líne den leabhrán seo tríd an gcód mearfheagartha thíos a scanadh.



Clár Ábhar

Oideachas agus oiliúint	2
Seirbhísí sláinte	5
Íocaíochtaí míchumais	8
Cúram a thabhairt do dhuine faoi mhíchumas	10
Fostaíocht	11
Tithíocht	13
Iompar	15
Cáin	17
Gearáin agus achomhairc	19
Eolas breise	20
Notaí	21

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a d'fhoilsigh an treoir seo. Ní bheartaítear go bhfuil an t-eolas ach mar threoir ghinearálta amháin ach ní léirmhíniú dlíthiúil é.

Eanáir 2022

Oideachas agus oiliúint

Luathbhlianta

Cuireann **an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige** cúram agus oideachas na luath-óige saor in aisce ar fáil do leanaí réamhscoile. Tacaíonn an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM) le leanaí faoi mhíchumas teacht ar Scéim COLÓ i réamhscoileanna príomhshrutha agus páirt a ghlacadh go hiomlán i gcuraclam na réamhscoile lena bpiaraí. Chun teacht ar eolas breise, féach **aim.gov.ie**.

Tá ceart ag leanaí faoi mhíchumas go ndéantar **measúnú riachtanais orthu (faoin Acht um Míchumas, 2005)** do na tacaíochtaí agus seirbhísí sláinte agus oideachais a theastaíonn uathu.

Tacaíonn **Seirbhís Múinteora ar Cuairt** le leanaí agus naíonáin a bhfuil lagú éisteachta nó amhairc orthu sa bhaile agus ar scoil.

Ag dul ar scoil

Cuireann oideachas riachtanas speisialta socruithe ar leith oideachais ar fáil do leanaí faoi mhíchumas. Freastalaíonn scoláirí ar ghnáthranganna i scoileanna príomhshrutha, sa chás gur féidir, nó is féidir leo a bheith i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha nó speisialta. I **mbunoideachas** agus in **iar-bhunoideachas**, is féidir le scoláirí cabhair bhreise a fháil ó mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne agus tacaíocht chúraim a fhail ó chúntóirí riachtanas speisialta. Is féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis **an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais** ina gceantar le heolas a fháil faoi shocruithe agus tacaíochtaí (féach **ncse.ie** chun teacht ar shonraí teagmhála).

Is féidir a áireamh le tacaíochtaí breise sa bhunscoil tacaíochtaí do leanaí a bhfuil lagú éisteachta, neamhord urlabhra agus teanga, lagú amhairc, míchumas foghlama ginearálta measartha agus neamhoird de chuid speictream an uathachais orthu. Is féidir a áireamh leis na tacaíochtaí seo teicneolaíocht chúnta, deontas teagaisc baile do leanaí nach féidir leo dul ar scoil agus **clár oideachais samhraidh** a dhéanann an scoilbhliain a shíneadh isteach sa samhradh. Tá an ceart ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu bunoidéachas saor in aisce a fháil a shine le haois 18 mbliana.

Áirítear le tacaíochtaí iar-bhunscoile deontais do theicneolaíocht chúnta. Is féidir le scoláirí faoi mhíchumas atá ag tabhairt faoi **scrúduithe stáit** socruithe speisialta a iarraidh.

Cuirtear **iompar scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu** ar fáil in go leor ceantar. I gceantair eile, b'fhéidir go bhfuil **Deontas Iompair Speisialta** ar fáil.

Breisoideachas

Má tá **an scoil á fágáil** agat, má tá tú dífhostaithe nó má tá do chéad phost á lorg agat, tá réimse de **thacaíochtaí gairmoideachais agus oiliúna** ar fáil.

Murab ionann agus gairmoiliúint, níl nasc díreach idir **oiliúint athshlánúcháin** agus an margadh saothair ach díríonn sé ar chroiscileanna saoil, scileanna sóisialta agus scileanna bunúsacha oibre. Is gnách go bhfaigheann oiliúnaithe liúntas oiliúna agus go gcoimeádann siad a n-íocaíocht leasa shóisialaigh.

Cuireann Springboard áiteanna saor in aisce ar chúrsaí a mbronnfar dámhachtainí dóibh ar leibhéal teastais, céime agus iarchéime ar fáil do dhaoine a shásaíonn na riachtanais cháilitheachta.

Mar chuid dá **n-iarratas ar an Lár-Oifig Iontrála (CAO)**, is féidir le scoláirí faoi mhíchumas **scéim iontrálacha DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas)** a úsáid a chuireann **áiteanna ar fáil ar bhonn pointí laghdaithe d'fhágáilthe scoile faoi mhíchumas.**

Tá roinnt **tacaíochtaí ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal atá faoi mhíchumas.** Déanann an Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas (AHEAD) rannpháirtíocht mhic léinn faoi mhíchumas in oideachas tríú leibhéal a chur chun cinn. Tá Oifigeach Míchumais nó Oifigeach Rochtana i bhformhór na n-institiúidí tríú leibhéal ar féidir leo cabhair agus eolas a sholáthar. Is féidir le do choláiste éileamh a dhéanamh thar do cheann leis **an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas** le seirbhísí agus tacaíochtaí a chistiú duit.

Tá mic léinn faoi mhíchumas incháilithe **deontas mic léinn tríú leibhéal** a fháil ar an mbonn céanna le mic léinn eile. Má bhí íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat, b'fhéidir go gcáileoidh tú do **Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.**

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi chúram leanaí agus oideachas



Seirbhísí sláinte

Luathbhlianta

Cuireann DGanna (dochtúirí teaghlaigh) **seiceálacha forbartha** saor in aisce ar fáil do naíonáin i ndiaidh a mbreithe. **Déanann altraí sláinte poiblí** monatóireacht ar conas a thagann forbairt ar naíonáin ina gcéad mhíonna agus is féidir leo eolas agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí agus caomhnóirí.

Tá leanaí faoi mhíchumas i dteideal **measúnú riachtanais** (faoin Acht um Míchumas, 2005) a fháil ar thacaíochtaí agus seirbhísí sláinte agus Tuairisc Mheasúnaithe agus ráiteas ar na seirbhísí a gheobhaidh siad a fháil.

Eagraítear agus soláthraítear seirbhísí sláinte do leanaí faoi mhíchumas go héagsúil i gceantair éagsúla. Is féidir le d'Oifig Sláinte Áitiúil a insint duit faoi na seirbhísí atá ar fáil i do cheantar.

Cabhair a fháil le híoc as an gcostas atá ar chóireáil

Bronnann **cárta leighis** teidlíocht ort do réimse seirbhísí sláinte saor in aisce, seirbhísí DG agus seirbhísí ospidéal phoiblí san áireamh. Is féidir leat cárta leighis a fháil mar gheall ar d'ioncam nó do chúinsí pearsanta. Má tá **Liúntas Cúraim Baile** á íoc do do leanbh, is féidir le do leanbh cárta leighis a fháil gan tástáil ioncaim.

Mura bhfuil tú incháilithe do chárta leighis, b'fhéidir go mbeidh tú incháilithe **cárta cuairte DG a fháil**. Bronnann cártaí cuairte DG teidlíocht ort cuairt a thabhairt ar DG rannpháirteach saor in aisce. Tá cuairte DG ar fáil gan tástáil ioncaim do gach leanbh faoi aois 6 bliana agus do gach duine níos sine ná 70 bliain d'aois. Caithfidh go n-éiríonn le gach duine eile i dtástáil ioncaim. Tá súil leis go dtabharfar cúram DG saor in aisce isteach do leanaí 6 agus 7 mbliana d'aois isteach in 2022.

Tá sealbhóirí cárta leighis i dteideal **cógais fhorordaithe**, ach caithfidh siad **táille oidis** a íoc. Mura bhfuil cárta leighis agat, is féidir leat clárú don **Scéim Íocaíochta Drugaí**, a íocann as costais oidis ar mó iad ná méid socraithe míosúil. Faoin **Scéim Breoiteachta Fadtéarmaí**, is féidir le daoine ar a bhfuil riochtaí sláinte áirithe cógais agus fearais saor in aisce a fháil do na riochtaí siúd.

Cuirtear seirbhísí **fiacloireachta, éisteachta** agus **súl** ar fáil do shealbhóirí cárta leighis agus do leanaí a atreoraítear tar éis scrúduithe **seirbhís sláinte leanaí** agus **seirbhís sláinte scoile**. Tá sealbhóirí cárta leighis i dteideal scrúdú fiacloireachta saor in aisce gach bliain, aistarraingt, dhá líonadh agus cóireáil éigeandála a fháil. Teastaíonn cead ó chóireálacha eile, cíora fiacla san áireamh, ó mháinlia fiacloireachta áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

D'fhéadfadh **an Scéim Sochair Cóireála** íoc as seirbhísí fiacloireachta, éisteachta agus súl duit má tá dóthain ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Fá-Choibhneasa (ÁSPC) íoctha agat. Tabharfar tacaíocht le costas bréagfholt nó córais ionadaithe gruaige mar gheall ar bhreoteacht faoin Scéim i Meitheamh 2022.

Gearrtar **táillí d'ospidéil phoiblí** ach tá roinnt daoine díolmhaithe, sealbhóirí cárta leighis, leanaí a shine le 6 seachtaine d'aois agus leanaí a atreoraítear ó chlinicí sláinte leanaí nó seiceálacha sláinte scoile san áireamh.

Cúram cónaithe

Má theastaíonn cúram fadtéarmach teach altranais uait, is féidir leis an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (an STTA), ar a dtugtar an Margadh Cothrom freisin, tacaíocht airgeadais a sholáthar.

Déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) **seirbhísí cónaithe agus seirbhísí faoisimh cónaithe a rialáil** do leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumas.

Cúram pobail

Áirítear le **seirbhísí cúraim pobail** altráí sláinte poiblí, oibrithe sóisialta, teiripeoirí saothair, seirbhísí cúnaimh baile, seirbhísí cosliachta, seirbhísí urlabhra agus teanga, cúram faoisimh agus cúram lae.

Tá éagsúlacht ann sa soláthar seirbhísí cúraim pobail agus níl gach seirbhís ar fáil i ngach ceantar. Is féidir eolas breise a fháil faoin méid atá ar fáil go háitiúil trí fhiafraí de d'Oifig Sláinte Áitiúil, Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh nó DG.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi sheirbhísí sláinte.



Íocaíochtaí míchumais

I gcás roinnt íocaíochtaí, caithfidh gur íoc tú dóthain ranníocaíochtaí **Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC)** ón obair chun cáiliú. Déantar **tástáil mhaoine** ar íocaíochtaí eile agus braitheann cibé acu an gcáilíonn nó nach gcáilíonn tú dóibh ar d'ioncam.

Íocaíochtaí atá bunaithe ar ÁSPC

Íocaíocht ghearrthéarmach é **Sochar Breoiteachta** a dhéantar le daoine nach féidir leo oibriú mar gheall ar bhreuiteacht agus a bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha acu. Mura bhfuil tá dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat, is féidir leat cur isteach ar **Liúntas Leasa Forlíontach** ar a ndéantar tástáil mhaoine.

Tá **an Scéim Sochair Díobhálacha Ceirde** ar fáil do dhaoine a gortaíodh ag an obair nó fad a bhí siad ag taisteal go dtí nó ón obair nó ar tháinig galar orthu mar gheall ar a n-obair. Is iad na príomhthairbhí faoin scéim seo **Sochar Díobhála**, arb íocaíocht ghearrthéarmach í, agus **Sochar Míthreorach**, ar féidir é a íoc mar phinsean fadtéarmach nó mar íocaíocht aonuaire.

Íocaíocht fhadtéarmach atá bunaithe ar ÁSPC é **Pinsean Easláine** do dhaoine a bhfuil breuiteacht nó míchumas tromchúiseach orthu.

Íocaíochtaí ar a ndéantar tástáil mhaoine

Íocaíocht fhadtéarmach ar a ndéantar tástáil mhaoine is ea **Liúntas Míchumais** do dhaoine faoi mhíchumas a chuireann srian substainteach ar a gcumas chun oibre. Is féidir leat méid áirithe a thuilleamh ón obair fad a bhíonn Liúntas Míchumais á fháil agat.

Is féidir leat oibriú, chomh maith leis sin, fad a bhíonn **Pinsean na nDall** á fháil agat, arb íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine í do dhaoine atá dall nó a bhfuil radharc íseal acu. Íocaíocht fhorlíontach ar a ndéantar tástáil mhaoine é **Liúntas Leasa na nDall** a íocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Cabhraíonn **an Scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh** le daoine nach bhfuil ach beagán ioncaim nó ioncam ar bith acu. Áirítear leis íocaíocht sheachtainiúil bhunúsach do dhaoine nach gcáilíonn d'íocaíochtaí eile agus forlíontaí do chíos agus do chostais eisceachtúla nó phráinneacha.

Sochair bhreise

Is féidir **Pacáiste Sochair Teaghlaigh, Liúntas Breosla, Saorthaisteal** nó **Méadú do Mhaireachtáil Aonair** a íoc anuas ar do phríomhíocaíocht mhíchumais.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil
faoi íocaíochtaí míchumais agus breoiteachta



Cúram a thabhairt do dhuine faoi mhíchumas

Má tá cúram á thabhairt agat do dhuine faoi mhíchumas, b'fhéidir go gcáileoidh tú d'íocaíocht chúramóra. Is iad an dá phríomhíocaíocht do dhaoine a sholáthraíonn cúram lánaimseartha:

- **Sochar Chúramóra** (bunaithe ar do ranníocaíochtaí ÁSPC)
- **Liúntas Chúramóra** (ar a ndéantar tástáil mhaoine).

B'fhéidir go mbeidh tú i dteideal **Liúntas Chúramóra ar leathráta** freisin má tá íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fáil agat agus má tá cúram á thabhairt agat do dhuine éigin.

Má tá cúram á thabhairt agat do leanbh níos óige ná 16 bliana d'aois atá faoi mhíchumas trom, b'fhéidir go mbeidh tú in ann **Liúntas Cúraim Baile** a éileamh dóibh.

Íoctar **Deontas Tacaíochta Chúramóra** le cúramóirí (tugadh an Deontas Cúraim Faoisimh air).

Is féidir leat glacadh le **saoire chúramóra** neamhíochta ón obair ar feadh a fhaide le dhá bhliain le cúram lánaimseartha a sholáthar do dhuine óna dteastaíonn sé. Is féidir le tuismitheoirí atá ag oibriú glacadh le **saoire thuismitheoireachta** ón bhfostaíocht sula mbaineann a leanbh 12 bhliain d'aois amach. Má tá do leanbh faoi mhíchumas, is féidir leat saoire thuismitheoireachta a ghlacadh sula mbaineann do leanbh 16 bliana d'aois amach.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi íocaíochtaí a dhéantar le cúramóirí.



Fostaíocht

Má tá tú faoi mhíchumas, tá tacaíochtaí fostaíochta ar fáil chun cabhrú leat post a fháil agus leanúint de bheith fostaithe.

Cuireann **Seirbhís EmployAbility** tacaíocht ar fáil má tá tú faoi mhíchumas agus má tá obair á lorg agat nó má tá post agat cheana féin. I measc na dtacaíochtaí, tá an méid seo a leanas:

- Poist a aimsiú agus a mheaitseáil
- Tacaíocht agus cóitseáil ar an láthair oibre
- Cabhair le thú a imeascadh isteach san ionad oibre

Is féidir leis **an Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist** ateangaire a chistiú, má tá agallamh agat do phost agus má tá tú bodhar nó má tá moill éistigh ort nó má tá lagú urlabhra ort.

Má tá post á thosú agat nó má tá tú ag oibriú cheana féin faoi mhíchumas, is féidir leat féin nó d'fhostóir cur isteach ar **Dheontas um Oiriúnú Trealamh san Ionad Oibre** chun an t-ionad oibre a oiriúnú nó le trealamh a cheannach.

Má tá lagú amhairc ort nó má tá tú dall, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **Dheontas do Léitheoir Pearsanta** le duine a fhostú chun cabhrú le léitheoireacht ag an obair.

Íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Má tá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat, is féidir leat d'íocaíocht a choimeád agus **roinnt oibre a dhéanamh**. Caithfidh tú an Roinn Coimirce Sóisialaí a chur ar an eolas nuair a thosaíonn tú ag oibriú.

Má tá Sochar Breoiteachta nó Pinsean Easláine á fháil agat, ní féidir leat oibriú (seachas i gcás obair dheonach neamhíoctha). Caithfidh tú aistriú go dtí **Sochar Cumais Pháirtigh** más mian leat oibriú. Má cháilítear thú do Shochar Cumais Pháirtigh, is féidir leat d'íocaíocht iomlán nó cuid de d'íocaíocht a choimeád, ag brath ar cé chomh srianta atá do chumas chun oibre.

Más mian leat **do ghnólacht féin a thosú**, b'fhéidir go gcáileoidh tú don **Liúntas Fiontraíochta um Filleadh ar Obair** nó don **Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarma**.

Tacaíochtaí d'fhostóirí

Tugann **an Scéim Fóirdheontais Pá** tacaíocht airgeadais d'fhostóirí daoine faoi mhíchumas a laghdaítear a leibhéal táirgiúlachta faoi mhéid áirithe agus a oibríonn ar feadh ar a laghad 21 uair an chloig sa tseachtain. Cabhraíonn **an Scéim Deontais um Fhostaithe a Choinneáil** le fostóirí fostaithe a choimeád ag an obair má thagann breoiteacht, riocht nó lagú orthu a dhéanann dífeall dá gcumas a bpost a dhéanamh.

Cistíonn **an Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas** fostóirí d'oiliúint foirne chun feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna míchumais san ionad oibre.

Scéimeanna tacaíochta fostaíochta

Tá **an Scéim Fostaíochta Pobail** in ainm is cabhrú le daoine atá faoi mhíbhuntáiste nó atá dífhostaithe go fadtéarmach fillleadh ar an obair trí shocrúcháin a chur ar fáil i bpoist atá bunaithe laistigh de phobail áitiúla.

Tá **an Scéim Shóisialta Tuaithe** dírithe ar fheirmeoirí agus iascairí ísealioncaim a bhfuil íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh á bhfáil acu, Liúntas Míchumais san áireamh. Tacaíonn **an Clár Seirbhísí Pobail** le grúpaí deonacha agus pobail seirbhísí áitiúla a sholáthar agus deiseanna fostaíochta a chruthú do dhaoine faoi mhíbhuntáiste.

Tugann **an Clár Socrúcháin Taithí Oibre (an CSTO)** an deis do dhaoine nach raibh post acu riamh agus do dhaoine a chaill a bpost, taithí oibre a fháil.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi mhíchumas agus obair



Tithíocht

Deontais chun d'áit chónaithe a oiriúnú

Má tá tú faoi mhíchumas, b'fhéidir go mbeidh tú in ann cabhair airgeadais a fháil le hathruithe a dhéanamh ar d'áit chónaithe go ndéanfar níos oiriúnaí é do do riachtanais. Cistíonn **an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** athruithe ar gá iad a dhéanamh ar áit chónaithe go mbeidh sé oiriúnach do dhuine ag a bhfuil deacracht fhisiciúil, chéadfach nó mhíchumais intleachta nó mheabhairshláinte.

Mura dteastaíonn ach mionobair uait, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ina ionad sin**.

Tá **an Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta** dírithe ar dhaoine atá níos sine ná 66 bliain le feabhas a chur ar an mbail atá ar a n-áit chónaithe, ach d'fhéadfadh sé baint le daoine faoi 66 bliain d'aois i gcásanna cruatain. Anuas ar chur isteach ar cheann de na deontais seo, b'fhéidir go mbeidh tú in ann **aisíocaíocht Cháin Bhreisluacha (CBL) ar áiseanna agus ar fhearais a fháil**. Baineann seo leis an gcostas atá ar obair shuiteála freisin.

Áit chónaithe níos teo agus níos glaise

Cuireann **an Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr** deontais ar fáil d'úinéirí tí a dtithe a uasghrádú le réitigh choigilte fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite. Má tá áit chónaithe ar cíos agat, b'fhéidir go mbeidh do thiarna talún in ann deontas a fháil faoin scéim. Cistíonn **an Scéim Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo** uasghráduithe fuinnimh d'úinéirí tí a bhfuil ioncaim ísle acu.

Áit chónaithe a fháil ar cíos

Má tá ísealioncam agat agus má theastaíonn áit éigin uait le cónaí ann, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **thithíocht údaráis áitiúil**, a dhéantar a leithdháileadh de réir riachtanais. Cuireann údaráis áitiúla míchumas san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar iarratais ar thithíocht.

Cuireann roinnt údaráis áitiúla agus **eagraíochtaí deonacha** tithíocht shonrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhéadfadh seirbhísí eile a bheith ar fáil freisin do thionóntaí, ar nós gníomhaíochtaí sóisialta, béilí agus foireann tacaíochta. Tá cíosa bunaithe ar do chumas íochta.

Má cháilítear thú do thacaíocht tithíochta sóisialta ach má tá tithíocht shóisialta oiriúnach agat i do cheantar, ba cheart duit iarratas a dhéanamh maidir le **híocaíocht Cúnaimh Tithíochta (an ÍCT)**. Faoin ÍCT, socraíonn tú áit chónaithe a fháil ar cíós ó thiarna talún príobháideach. Íocann an t-údarás áitiúil do thiarna talún go díreach agus íocann tú ranníocaíocht chíosa leis an údarás áitiúil, bunaithe ar do chumas chun íoc.

Íocaíocht é Forlíonadh Cíosa do dhaoine i gcóiríocht phríobháideach nach féidir leo íoc as an gcíos iomlán. Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat ar feadh tréimhse fhada, d'fhéadfá a bheith incháilithe **an Scéim Cóiríochta Cíosa (an SCC)** a fháil, a sholáthraíonn tithíocht fhadtéarmach faoi chomhaontuithe idir an t-údarás áitiúil agus tiarnaí talún. Nó, is féidir iarraidh ort aistriú go dtí an ÍCT.

Riaráistí morgáiste

Má tá riaráistí morgáiste agat, ba cheart duit labhairt le d'iasachtóir. Caithfidh d'iasachtóir cloí le **Cód Iompair ar Riaráistí Morgáiste (CIRM) an Bhainc Cheannais** agus lena **Chód um Chosaint Tomhaltóirí 2012** nuair a dhéileáiltear leat agus nuair a bhíonn do chás á athbhreithniú.

Déanann tú teagmháil leis **an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA)** chun cabhrú leat déileáil le d'fhiachas. Is féidir le scéim **Abhaile**, atá ar fáil tríd an SBCA, go leor seirbhísí a chur ar tairiscint, comhairle airgeadais, dlí agus dócmhainneachta san áireamh.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi dheontais agus scéimeanna tithíochta.



Iompar

An bus agus an traein

Tá **an Cárta Saorthaistil** ar fáil do dhaoine 66 bliain d'aois agus níos sine. Má tá tú níos óige ná 66 bliaina d'aois agus má tá tú faoi mhíchumas, d'fhéadfá cáiliú freisin. Ceadáíonn an Scéim duit taisteal, saor in aisce, ar iompar poiblí agus ar roinnt seirbhísí bus agus bád farantóireachta príobháideacha. Mura féidir leat taisteal leat féin ar chúiseanna leighis, is féidir leat saorthaisteal a fháil do chompánach, a cheadáíonn do dhuine ar bith níos sine ná 16 bliana taisteal leat.

Má cháilítear thú do Shaorthaisteal, beidh 'FT' (a thugann Free Travel le fios) scríofa sa chúinne uachtarach ar chlé ar do **Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP)**. Tugann an litir a leanann é le fios cé ar féidir leat a thabhairt leat:

- FT-P - is féidir leat taisteal saor in aisce
- FT+S - is féidir le do chéile, pháirtneir nó chomháitritheoir taisteal leat saor in aisce
- FT+C - is féidir le compánach (atá níos sine ná 16 bliana) taisteal leat saor in aisce

Cuireann seirbhísí iompair phoiblí tacaíochtaí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a bhíonn ag taisteal ar **bhus, Luas** nó **iarnród**.

Gluaisteán

D'fhéadfadh tiománaithe faoi mhíchumas a bheith incháilithe **Faoiseamh Cánach do Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas agus an Cárta Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas a fháil**. Má cháilíonn tú don fhaoiseamh cánach seo, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar phas saor in aisce do dholabhóithre trí theagmháil a dhéanamh leis an oibreoir dolabhóithre is gaire duit.

Aerthaisteal

Ní féidir le haerlínte agus tionscnóirí turas a eitlíonn ó aerfoirt AE a dhiúltú paisinéirí a iompar nó do ghlacadh le háirithintí ar bhunús soghluaisteacht laghdaithe. Caithfidh aerfoirt agus aerlínte cúnamh saor in aisce a sholáthar do **phaisinéirí aerlíne a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu.**

Madraí treorach

Tá madraí treorach agus oiliúint soghluaisteachta ar fáil chun cabhrú le daoine a bhfuil lagú amhairc orthu a mbealach a dhéanamh thart ina dtimpeallacht go sábháilte.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi iompar



Cáin

Tá ioncam ó beagnach gach foinse inchánach. Ní ghearrtar cáin ar roinnt ioncaim ó fócaíochtaí leasa shóisialaigh, ar nós Liúntas Míchumais, agus roinnt fócaíochtaí cúitimh.

Creidmheasanna agus faoiseamh cánach

Laghdaíonn creidmheasanna agus faoiseamh cánach an méid cánach is gá duit a íoc. Tá roinnt **faoiseamh cánach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas**. Áirítear leo seo **Creidmheas Cánach na nDall** agus **an Liúntas do Mhadra Treorach**.

Is féidir leat **faoiseamh cánach a éileamh freisin ar an gcostas atá ar chúramóir a fhostú duit féin nó do dhuine muinteartha eile**.

Is féidir le tuismitheoirí linbh atá faoi mhíchumas buan **an Creidmheas Cánach do Leanbh faoi Mhíchumas** a éileamh.

Tá **an Creidmheas Cánach do Chúramóirí Baile** ar fáil do lánúineacha pósta nó páirtneírí sibhialta, má oibríonn duine amháin díobh sa bhaile agus cúram á thabhairt acu do dhuine atá níos sine ná 65 bliain, leanbh, nó do dhuine atá faoi mhíchumas óna dteastaíonn cúram.

D'fhéadfadh **Creidmheas Cánach do Ghaol Cleithiúnach** a bheith i gceist má sholáthraíonn tú na costais a bhíonn ar mhaireachtáil laethúil do:

- Gaol nach féidir leo aire a thabhairt dóibh féin mar gheall ar sheanaois nó breoiteacht
- Mac nó iníon a chónaíonn leat agus a mbraitheann tú orthu mar gheall ar do sheanaois nó drochshláinte

Is féidir leat **faoiseamh cánach ar chostais leighis** a éileamh a íocann tú duit féin nó do dhuine eile, billí dochtúirí, cógais, fearais, agus costais ospidéil agus teach altranais san áireamh.

Cuirtear réimse faoiseamh cánach ar fáil sa **Scéim Tiománaithe faoi Mhíchumas agus Páisínéirí faoi Mhíchumas** a bhaineann le feithiclí a cheannach agus a úsáid ag tiománaithe agus páisínéirí faoi mhíchumas.

B'fhéidir go mbeidh tú in ann **aisíocaíocht Cháin Bhreisluacha (CBL) ar áiseanna agus ar fhearaí a éileamh, agus ar an CBL a ghearrtar ar obair thógála as a n-íocann deontas oiriúnaithe tithíochta.**

I measc an fhaoisimh chánach eile, tá **Creidmheas Cánach Aoise** agus **Creidmheasanna Cánach Méala.**

D'fhéadfadh **Gníomhais Chúnaint** coigilteas cánach a sholáthar nuair a thugann tú airgead do dhuine atá níos sine ná 65 nó atá ar éagumas go buan.

Má tá tú 65 bliain d'aois nó ar éagumas go buan agus má tá ioncam íseal agat, b'fhéidir go mbeidh tú díolmhaithe ó **Cháin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)**, a ghearrtar ar ús a thuilltear ar choigilteas.

D'fhéadfadh **ciste iontaobhais** a shocraítear ar mhaithe le duine atá go hiomlán agus go buan ar éagumas a bheith díolmhaithe ó cháin.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil
faoi chánachas do dhaoine faoi mhíchumas



Gearáin agus achomhairc

Mura bhfuil tú sásta faoi sheirbhís a fuair tú, nó má bhraitheann tú gur caitheadh go héagórach leat nuair a d'éiligh tú do theidlíochtaí, is féidir leat gearán nó achomharc a dhéanamh. Is féidir leat cabhair a fháil le gearán nó achomharc a dhéanamh ó **d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh**.

Leas sóisialach

Má dhiúltaítear íocaíocht leasa shóisialaigh duit nó má fhaigheann tú íocaíocht níos ísle ná mar a raibh súil agat leis, is féidir leat an cinneadh a achomharc leis **an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh**. Sláinte agus cúram sóisialta

Sláinte agus cúram sóisialta

Cuireann Healthcomplaints.ie eolas ar fáil faoi conas gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. I gcás gearán faoi sheirbhísí sláinte poiblí, is féidir leat úsáid a bhaint as **próiseas gearán FSS**. Tá próiseas gearán ar leith ann más mian leat gearán a dhéanamh faoi **mheasúnú riachtanais**.

Comhlachtaí poiblí agus seirbhísí míchumais

Is féidir leis **an Ombudsman** gearáin faoi chomhlachtaí poiblí a imscrúdú. Faoin Acht um Míchumas, 2005, tá ról ag an Ombudsman le gearáin faoi inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí a imscrúdú.

Leanaí

Is féidir leis **an Ombudsman do Leanaí** gearáin faoi chomhlachtaí poiblí a bhaineann le leanaí a imscrúdú.

Eolas breise

Ar líne

Is féidir leat eolas breise a fháil ar aon chinn de na hábhair a phléitear sa leabhrán seo ar **citizensinformation.ie**.

An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Má bhíonn ceisteanna agat faoi aon chuid den eolas atá sa leabhrán seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh trí ghlaoch ar 0818 07 4000, ó Luan go hAoine, idir 9.00am agus 8.00pm.

Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Is féidir leat cuairt a thabhairt ar d'Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh áitiúil chun eolas agus comhairle a fháil. Aimsigh an t-ionad is gaire duit ag **centres.citizensinformation.ie**.

An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is seirbhís neamhspleách, rúnda agus saor in aisce abhcóideachta í an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN). Tá sainchúram ar leith ag an tseirbhís do dhaoine faoi mhíchumas atá aonraithe óna bpobal agus ó sheirbhísí, a bhfuil difríochtaí cumarsáide acu, a ndéantar freastal míchuí orthu, a chónaíonn i seirbhísí cónaithe, a fhreastalaíonn ar sheirbhísí lae agus a bhfuil tacaíochtaí teoranta acu.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an SAN trí ghlaoch ar 0818 07 3000 nó cuairt a thabhairt ar **advocacy.ie**

Notáí

Eanáir 2022

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta neamhspleácha ar fáil ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta trí citizensinformation.ie, an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an líonra Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh (IFSanna) atá ar fud na tíre. Tá sé freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas.

Faisnéis do Shaoránaigh



citizensinformation.ie



0818 07 4000

ó Luan go hAoine, 9am-8pm



Glaigh ar nó seol ríomhphost
chuig do IFS áitiúil



Is féidir leat eolas breise a fháil ar na hábhair go léir a phléitear sa leabhrán seo ar citizensinformation.ie.

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Príomhoifig
Urlár na Talún
Teach Ché Sheoirse
43 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2
D02 VK65

t: 0818 07 9000
f: 01 605 9099
r-phost: info@ciboard.ie
gréasán:
citizensinformationboard.ie